Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

Scrúdu na hArdteistiméireachta 2021

# An Pholaitíocht agus an tSochaí – Ardleibhéal

Dé Máirt, 29 Meitheamh - Maidin 9:30–12:00

300 marc

| Scrúduimhir | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | |

Stampa an Ionaid

| | Ceist | Marc | |
|---|---|---|---|
| | | Scrúdaitheoir | Scrúd. Comh |
| **Roinn 1** | **C. 1** | | |
| **Roinn 2** | **C. 2(a)** | | |
| | **C. 2(b)** | | |
| | **C. 2(c)** | | |
| | **C. 2(d)** | | |
| | **C. 2(e)** | | |
| | **C. 2(f)** | | |
| | **C. 2(g)** | | |
| **Roinn 3** | **C. 3** | | |
| | **C. 4(a)** | | |
| | **C. 4(b)** | | |
| | **C. 5** | | |
| | **C. 6** | | |
| | **C. 7** | | |
| **Iomlán (Páipéar)** | | | |

| | Marc | |
|---|---|---|
| | Scrúd | Scrúd. Comh |
| **1.** Iomlán na n-iomlán bun leathanaigh | | |
| **2.** Móriomlán na gceisteanna dícheadaíodh | | |
| **An marc a bronnadh (1 lúide 2)** | | |

| | Marc | |
|---|---|---|
| | Scrúd | Scrúd. Comh |
| An Scrúdpháipéar | | |
| Bonas don Ghaeilge | | |
| Móriomlán (Páipéar) | | |
| Tuairisc ar Thionscadal Saoránachta | | |
| **An marc iomlán a bronnadh** | | |

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2021 d'fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.

## Treoracha

Tá trí roinn sa scrúdpháipéar seo.

| | | |
|---|---|---|
| Roinn A | Ceisteanna Gearrfhreagra<br>Freagair **deich** gceist as 15 cheist | 50 marc |
| Roinn B | Ceisteanna Bunaithe ar Shonraí<br>Freagair **gach** ceist | 150 marc |
| Roinn C | Aistí Dioscúrsacha<br>Freagair ceist **amháin** | 100 marc |

Freagair gach roinn.

Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ar fáil sa leabhrán seo. Is féidir go gcaillfidh tú marcanna mura ndéanann tú sin. Ní gá duit an spás go léir atá ar fáil a úsáid.

Tá leathanaigh bhreise ar fáil má theastaíonn siad. Lipéadaigh aon obair bhreise go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an bpáirt den cheist.

**Scríobh do chuid freagraí le peann i ndúch gorm nó dubh. Ná húsáid peann luaidhe.**

| **Roinn A** | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ceist 1** | | Scrúdaitheoir | Scrúd. Comh. | | Scrúdaitheoir | Scrúd. Comh. |
| | **(a)** | | | **(i)** | | |
| | **(b)** | | | **(j)** | | |
| | **(c)** | | | **(k)** | | |
| | **(d)** | | | **(l)** | | |
| | **(e)** | | | **(m)** | | |
| | **(f)** | | | **(n)** | | |
| | **(g)** | | | **(o)** | | |
| | **(h)** | | | | | |

| | Scrúdaitheoir | Scrúd. Comh. |
|---|---|---|
| **Iomlán na gceisteanna go léir a freagraíodh** | | |
| **Móriomlán na gceisteanna dícheadaíodh** | | |
| **Iomlán** | | |

| Roinn A | Ceisteanna Gearrfhreagra | 50 marc |
|---|---|---|

Freagair **deich** gcinn ar bith de na míreanna seo a leanas: **(a), (b), (c)… (o)**

**Ceist 1**

**(a)** Tabhair buntáiste **amháin** agus míbhuntáiste **amháin** a bhaineann le comhrialtas.

**(b)** 


Mínigh an dearcadh ar chaipitleachas a léirítear san íomhá seo.

**(c)** Déan cur síos achomair ar shamhail rannpháirtíochta le haghaidh daoine óga a bheith páirteach sna próisis chinnteoireachta.

**(d)** Déan cur síos ar **dhá** cháineadh ar rialtais dhaonlathacha.


**(e)** Déan measúnú ar an ráiteas seo a leanas: 'Ní insíonn staitisticí bréaga, ach úsáideann bréagadóirí staitisticí.'

**(f)** Cad atá i gceist leis an téarma 'logánú'?

**(g)** Déan cur síos ar buntáiste **amháin** agus ar dhúshlán **amháin** a bhaineann le bheith ag maireachtáil i saol domhandaithe.

**(h)** Tabhair **dhá** chúis ar cóir cúnamh forbartha agus/nó faoiseamh ó fhiacha a thabhairt do thíortha i mbéal forbartha ionas go bhféadfaidh siad forbairt ar bhealach inbhuanaithe.

**(i)** Cad a insíonn an íomhá seo dúinn faoi chomhionannas deiseanna san oideachas?




https://www.pinterest.ie/pin/776941373207647213/?d=t&mt=login

**(j)** Mínigh an cuspóir atá le Clár an Rialtais.

**(k)** ‘Cosnaíonn sé níos mó gan tada a dhéanamh’ – mínigh cén fáth go ndeirtear é sin maidir le hAthrú Aeráide.

**(l)** Cuir **dhá** argóint i láthair a bhaineann leis an gceist faoi cé acu is cóir an ceart chun tithíochta a chumhdach i mBunreacht na hÉireann.

**(m)** Déan measúnú criticiúil ar an íomhá seo i gcomhthéacs daoine ag dul i mbun gníomhartha a thugann aghaidh ar an bhforbairt inbhuanaithe.



https://twitter.com/alex_verbeek/status/1096712688082796544

**(n)** Straitéis is ea cosc ar lucht vótála a úsáidtear le beaguchtach nó bac a chur ar ghrúpaí áirithe daoine chun nach gcaithfidh siad a vóta. Tabhair **dhá** phointe faoi conas a d’fhéadfadh cosc ar lucht vótála dul i bhfeidhm ar thoradh toghcháin.

**(o)** 


I Meán Fómhair 2020, d'fhoilsigh Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha torthaí an tsuirbhé a rinneadh ar Romaigh agus an Lucht Siúil san Eoraip dar teideal *Romaigh agus Lucht Siúil i Sé Cinn de Thíortha* (*Roma and Travellers in Six Countries* i mBéarla). Bhí Éire ar cheann de na sé thír a cuireadh san áireamh.

Tuairiscíodh gur fhulaing beagnach gach dara freagróir (44%) cineál amháin ciaptha a bhí spreagtha ag fuath mar gheall ar iad a bheith ina Romaigh nó ina dhuine den Lucht Siúil sa dá mhí dhéag sula ndearnadh an suirbhé.

Tabhair **dhá** chúis a bhfuil idirdhealú ciníoch den sórt sin ina fhadhb don tsochaí ina hiomláine.

Freagair **gach** ceist sa roinn seo. Freagair sa spás atá ar fáil.





**Doiciméad A: Tuarascáil Institiúid Reuters um Nuacht Dhigiteach 2020.**

Bailíodh mórán de na sonraí san fhoilseachán bliantúil seo sular bhuail an víreas mórán de na tíortha ar a gcuirtear síos sa suirbhé. Mar sin féin, rinne Reuters codanna tábhachtacha den suirbhé an athuair i sé cinn de thíortha (an Ríocht Aontaithe, SAM, an Ghearmáin, an Spáinn, an Chóiré Theas, agus an Airgintín) go luath i mí Aibreáin 2020. Dheimhnigh na freagraí sin go raibh méadú tagtha ar úsáid na bhfoinsí traidisiúnta nuachta, an teilifís ach go háirithe, ach ar úsáid roinnt foinsí nuachta ar líne freisin.

Reáchtáil *YouGov* (arna choimisiúnú ag Institiúid Reuters um Staidéar ar an Iriseoireacht) suirbhé ar líne ag úsáid rud ar a dtugtar Sampláil Ghníomhach chun tuiscint a fháil ar thionchar an choróinvíris nua ar úsáid na meán i sé cinn de thíortha. Úsáideadh samplamhéideanna tuairim is 2,000 duine sa Ríocht Aontaithe agus sa Ghearmáin, agus samplamhéideanna tuairim is 1,000 duine sna háiteanna eile. Tiomsaíodh na samplaí i ngach tír ag úsáid cuótaí ionadaíocha náisiúnta i dtaca le haois, inscne, réigiún agus oideachas. Níor comhaireadh eolas ó dhaoine a dúirt nár bhain siad úsáid as nuacht ar bith le mí anuas, d'fhonn a chinntiú nach gcuirfeadh freagraí neamhábhartha isteach ar bhealach díobhálach ar chaighdeán na sonraí. Bhí tuairim is 3% ar an meán sa chatagóir sin.

Úsáideann *YouGov* Sampláil Ghníomhach chun a chuid suirbhéanna ar thuairimí an phobail a reáchtáil agus le cúig bliana déag anuas, tá painéal de bhreis is milliún duine fásta ón mBreatain agus breis is sé mhilliún duine ar fud an domhain curtha le chéile go cúramach acu chun páirt a ghlacadh ina gcuid suirbhéanna. Tá na painéil sin mór go leor chun go mbeadh ar chumas *YouGov* samplaí a roghnú atá ionadaíoch ar bhonn náisiúnta agus a thugann léiriú ar bhriseadh síos iarbhír an phobail i dtaca leis na príomh-tháscairí déimeagrafacha. Sa tSampláil Ghníomhach, níl rochtain ar an gceistneoir ach ag daoine sa sampla ábhartha a roghnaíodh, agus é sin tríd an ainm úsáideora agus pasfhocal atá acu, agus ní féidir le freagróirí aon suirbhé a fhreagairt ach uair amháin.

Ceist: Cé chomh hiontaofa, dar leat, agus atá nuacht agus faisnéis faoin gcoróinvíreas COVID-19 a fhaightear uathu seo a leanas?



**Doiciméad B:** ***Iriseoireacht, saoirse an phreasa agus COVID-19*** **– Achoimre ar an gceist i sraith UNESCO: Treochtaí Domhanda maidir le Saoirse Chainte agus Forbairt na Meán** arna fhoilsiú do Lá Domhanda Shaoirse an Phreasa, 2020 de chuid UNESCO.

De réir mar a shroich an coróinvíreas nua beagnach gach tír ar domhan, scaipeadh bréaga freisin chomh forleathan agus chomh tapa leis an víreas féin. Agus an baol á aithint aige, thug Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe, António Guterres, foláireamh agus é ag rá "tá an borradh leanúnach atá ag teacht ar mhífhaisnéis mar namhaid againn freisin". Rinne an Eagraíocht Dhomhanda Náisiúnta cur síos ar an "bplá faisnéise" atá ag gabháil le paindéim COVID-19 mar "dhara galar", "arb ionann é agus "an iomarca faisnéise – cuid de atá cruinn agus cuid de nach bhfuil – agus dá réir sin é deacair ar dhaoine foinsí agus treoir iontaofa a aimsiú nuair atá sin de dhíth orthu".

Is féidir na bréaga atá i gcúrsaíocht a aicmiú mar bhréagaisnéis (atá á táirgeadh agus á roinnt chun críocha mailíseacha), agus mífhaisnéis, i gcás nach bhfuil na bréaga sin á scaipeadh le drochintinn. Ach i gcomhthéacs COVID-19, féadann tionchar chomh marfach céanna a bheith acu araon. Tá staitisticí ina ndéantar rianú ar scóip agus ar scaipeadh na plá faisnéise gann. Ach, ach léiríonn roinnt figiúirí go bhfuil scála ollmhór i gceist.

| |
|---|
| Bunaithe ar anailís ar 112 milliún postáil ar na meáin shóisialta, i 64 teanga, a bhaineann le paindéim COVID-19, fuair taighdeoirí ag Fondúireacht Bruno Kessler amach gur tháinig 40% de na postálacha ó fhoinsí neamhiontaofa. |
| Tuairiscíodh go bhfaca tuairim is 1/3 d'úsáideoirí na meán sóisialta faisnéis bhréagach nó mhíthreorach maidir leis an gcoróinvíreas, sin de réir staidéir a reáchtáil Institiúid Reuters i sé cinn de thíortha. Tugann taighde a rinne Pew le tuiscint gur mó an seans go mbeidh daoine a fhaigheann a gcuid nuachta ó na meáin shóisialta fágtha gan chosaint ar ábhar bréagach. |
| In mí an Mhárta 2020, sainaithníodh tuairim is 40 milliún postáil amhrasach a bhain le COVID-19 ar Facebook (agus ar cuireadh foláirimh in aice leo), de réir na cuideachta. Dheimhnigh an chuideachta gur baineadh na céadta mílte píosa mífhaisnéise faoin víreas den suíomh gréasáin freisin, ar píosaí iad a "d'fhéadfadh dochar coirp a dhéanamh láithreach". |
| Measadh gur "ábhar ionramháladh" ba ea tuairim is 19 milliún as 50 milliún (38%) de na giolcacha a bhain le COVID-19 a ndearnadh anailís orthu, trí intleacht shaorga Blackbird.AI |
| Shainaithin Newsguard 191 suíomh gréasáin san Eoraip agus i Meiriceá Thuaidh a d'fhoilsigh faisnéis bhréagach faoin víreas. |
| D'aimsigh agus bhréagnaigh CoronaVirusFacts Alliance breis agus 3,500 píosa faisnéise a bhí bréagach nó míthreorach, as breis agus 70 tír agus i mbeagnach 40 teanga. |

Grafaicí a bhí mar chuid d'ábhair feachtais UNESCO do Lá Domhanda Shaoirse an Phreasa 2020


Grafaic 1




Grafaic 2




Grafaic 3




Grafaic 4



## Ceisteanna bunaithe ar shonraí **(150 marc)**

**(a)** Déan grinn-léirmheas ar an modheolaíocht a úsáidtear i nDoiciméad A.

**(b)** Déan trácht ar údarthacht Dhoiciméad B.


**(c)** Déan grinn-léirmheas ar an úsáid a bhaintear as foinsí iomadúla staitisticí mar a úsáidtear iad i nDoiciméad B.

**(d)** Ag tarraingt duit ar an dá dhoiciméad, cén chonclúid a bhainfeá amach faoi thionchar na bréagaisnéise maidir le COVID-19 a thagann trí na meáin chumarsáide?

**(e)** Cén chonclúid is féidir a bhaint amach nuair a fheictear go gcuireann na daoine ar cuireadh suirbhé orthu an leibhéal céanna iontaoibhe (59%) sna 'heagraíochtaí nuachta' agus a chuirtear sa 'rialtas náisiúnta'?

**(f)** Cén ráiteas atá á dhéanamh i nGrafaic 3 i nDoiciméad B faoi ról an phreasa i sochaí dhaonlathach?

**(g)** Ag tarraingt duit ar an dá dhoiciméad, déan measúnú ar an ngá atá le feachtas den sórt seo i dtaobh na mífhaisnéise a mheas.


**Éire ag na Náisiún Aontaithe** @irishmissionun - D. Fómh 21

Inniu tá #PledgetoPause á sheoladh ag na Náisiúin Aontaithe agus táthar ag iarraidh ar gach duine sos beag a ghlacadh agus #takecarebeforeyoushare a dhéanamh ar líne. D'fhéadfadh iarmhairtí a bheith ann don domhan de bharr roinnt an bheagáin. An mbeidh tú linn?

**Ceist**

**Cad a scaipeann go tapa ar fud na cruinne, a théann ó dhuine go duine i ngan fhios a d'fhéadfadh bheith marfach má dhéanann tú teagmháil léi, ach ar féidir leatsa bearta a dhéanamh chun nach scaipfidh sí a thuilleadh?**

**Freagra**

**Mífhaisnéis**

| **Spás chun do fhreagra a ullmhú más rogha leat é** |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

| Roinn C | Aistí Dioscúrsacha | 100 marc |
|---|---|---|

**Freagair ceist amháin as 3, 4, 5, 6 agus 7.**

**Ceist 3** **(100 marc)**

*'Taispeánann an ghéarchéim go bhfuil gá againn le conradh sóisialta chun cosaint a thabhairt dár muintir uile.'*
*Ceannlíne in Irish Independent [29 Márta 2020]*



https://www.ft.com/content/9df529e8-0e9d-42ec-930c-d22cbc5a79

**An gcreideann tú gur gá an conradh soisialta in Éirinn a athdhréachtú i gcomhthéacs na sochaí iar-phaindéime?**

[Ba cheart samplaí comhaimseartha agus fianaise ó chomhthéacs náisiúnta a bheith i do fhreagra chun tacú le d'argóint. Ba cheart duit tagairt a dhéanamh freisin do thuairimí beirt teoiriceoirí agus ní mór duine acu ar a laghad a bheith ainmnithe ar do chúrsa.]

**Ceist 4(a)** **(100 marc)**


www.imf.org/external/pubs/ft/fandd/2019/12/pdf/inequality-and-climate-change-walsh.pdf

Déan measúnú ar an ráiteas seo a leanas ón Scáth-thuarascáil ar Airgeadas Aeráide, 2020 a d'fhoilsigh Oxfam:

**'D'fhéadfadh athrú aeráide na deicheanna de bhlianta de dhul chun cinn i gcúrsaí forbartha a scriosadh agus an éagothroime ar fud an domhain a mhéadú as cuimse.'**

[Ba cheart samplaí comhaimseartha agus fianaise chomhaimseartha a bheith i do fhreagra chun tacú le d'argóint. Ba cheart duit tagairt a dhéanamh freisin do thuairimí beirt teoiriceoirí agus ní mór duine acu a bheith ainmnithe ar do chúrsa **agus/nó** tagairt a dhéanamh do dhá chomhaontú/eagraíocht ábhartha idirnáisiúnta nó níos mó (e.g. Spriocanna na Náisiún Aontaithe um Fhorbairt Inbhuanaithe, Comhaontú Pháras ar son na hAeráide 2016, an Banc Domhanda, etc.]

**nó**

**Ceist 4(b)** **(100 marc)**



www.irishexaminer.com/news/arid-40046429.html

*'Ní hé COVID amháin atá ag marú daoine, ach an míbhuntáiste, an easpa rochtana, agus blianta fada a chaitheamh le fadhbanna sláinte nár cóireáladh i gceart mar gheall ar dhath do chraicinn nó mar gheall an eitneacht nó grúpa sóisialta dar díobh thú.'*
An Dr Mike Ryan, Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Clár Éigeandála Sláinte de chuid WHO, 2020.

**Déan ráiteas Dr Ryan a mheasúnú i dtaca leis an mbagairt i leith na beatha atá cruthaithe de thoradh na n-éagothromaíochta domhanda agus an idirdhealaithe sna sochaithe ar fud na cruinne.**

[Ba cheart samplaí comhaimseartha agus fianaise chomhaimseartha a bheith i do fhreagra chun tacú le d'argóint. Ba cheart duit tagairt a dhéanamh freisin do thuairimí beirt teoiriceoirí, agus ní mór duine acu a bheith ainmnithe ar do chúrsa .]

**Ceist 5** **(100 marc)**


www.nobelprize.org/prizes/peace

"Is í an éagsúlacht croí na daonnachta. Is ann don éagsúlacht de thoradh teagmhais bhreithe agus dá bhrí sin ní cóir di ariamh a bheith ina húdar fuatha ná coimhlinte. Is é an freagra cuí ar an éagsúlacht ná meas a léiriú uirthi. Is ansin atá prionsabal bunúsach na síochána le fáil – meas ar an éagsúlacht."

Sliocht as aitheasc le John Hume (1937-2020), buaiteoir Dhuais Nobel na Síochána agus polaiteoir i dTuaisceart Éireann.

**Cuir dearcadh John Hume ar an éagsúlacht agus teoiric Kwame Anthony Appiahm maidir leis an iltíreachais i gcomparáid le chéile.**

**Ceist 6** **(100 marc)**

I rith phaindéim Covid-19, agus rialtais ar a ndícheall lena bpobail a chosaint, táthar tar éis mórán de chearta an duine agus de na saoirsí sibhialta, a ndearnadh talamh slán díobh go dtí seo, a bhaint dínn nó táthar tar éis srianta a chur leo.

**Pléigh an dúshlán atá ann do rialtais an chothromaíocht a choinneáil idir cearta an duine agus cearta an tromlaigh i dtír dhaonlathach.**

[Ba cheart samplaí comhaimseartha agus fianaise chomhaimseartha a bheith i do fhreagra chun tacú le d’argóint. Ba cheart duit tagairt a dhéanamh freisin do thuairimí beirt teoiriceoirí agus ní mór duine acu a bheith ainmnithe ar do chúrsa.]

**Ceist 7** **(100 marc)**

lá an phá • chomhionainn

https://www.equalpayday.be/europa/

San Aontas Eorpach, ioctar méid 14.1% níos lú le mná in aghaidh na huaire ar an meán ná mar a ioctar le fir. Is ionann é sin agus tuarastal dhá mhí in aon bhliain amháin.

Sin é an fáth a ndéanann Coimisiún na hEorpa an 10 Samhain a chomóradh mar lá siombalach maidir le feasacht a ardú faoin bhfíric go mbíonn oibrithe ban na hEorpa ag saothrú níos lú airgid ar an meán ná a gcomhghleacaithe fir.

**Pléigh cé acu is ceist chasta í ceist na bearna inscne pá, ceann atá i bhfad níos leithne ná an cheist a bhaineann le pá comhionann le haghaidh obair chomhionann.**

[Ba cheart samplaí comhaimseartha agus fianaise chomhaimseartha a bheith i do fhreagra chun tacú le d’argóint. Ba cheart tagairt a dhéanamh freisin do thuairimí beirt teoiricithe, agus ní mór duine amháin acu ar a laghad a bheith ainmnithe ar do chúrsa.]

**Roinn C – Freagra ar cheist ___**

**Spás chun do fhreagra a ullmhú más rogha leat é.**

**Freagra**

**Roinn C – Freagra ar cheist ___**

**Spás chun do fhreagra a ullmhú más rogha leat é.**

**Freagra**

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Leathanach breise más rogha leat é a úsáid.**

**Cuir uimhir agus páirt gach ceiste in iúl go soiléir.**

**Leathanach breise más rogha leat é a úsáid.**

**Cuir uimhir agus páirt gach ceiste in iúl go soiléir.**

**Leathanach breise más rogha leat é a úsáid.**

**Cuir uimhir agus páirt gach ceiste in iúl go soiléir.**

**Leathanach breise más rogha leat é a úsáid.**

**Cuir uimhir agus páirt gach ceiste in iúl go soiléir.**

Ná scríobh ar an leathanach seo

D'fhéadfadh sé go ndearnadh ábhar a chur in oiriúint, le haghaidh measúnaithe, gan toiliú an údair a fháil roimh ré.

**Fógra cóipchirt**

D'fhéadfadh sé go bhfuil téacs nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt ina leith. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid chun aon chríoch ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh nó as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo

An Ardteistiméireacht – Ardleibhéal

# An Pholaitíocht agus an tSochaí

Dé Máirt, 29 Meitheamh
Maidin 9:30 – 12:00